2026/1760

15.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1760 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 14 Iúil 2026

lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES)2026/514 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (EUNAVFOR ASPIDES/4/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583 lenar bunaíodh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 3 Márta 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/514 ([2]), lenar ceapadh an Seachaimiréal Milos ARGENTON ina Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR ASPIDES ón 14 Márta 2026.

(4) An 1 Iúil 2026, chuir Cathaoirleach Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh in iúl don Choiste Polaitiúil agus Slándála nach bhféadfaí na coinníollacha chun Ceannasaí Fórsa nua an Aontais Eorpaigh a cheapadh a chomhlíonadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2026/514 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/514.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 14 Iúil 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD

([1]) IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2026/514 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 3 Márta 2026 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (EUNAVFOR ASPIDES/2/2026) (IO L, 2026/514, 10.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/514/oj).